

Tacú le feasacht teanga a fhorbairt

TORTHAÍ FOGHLAMA

Tacaíonn an treoir seo le gach teanga a mhúineadh agus tá sé ábhartha do gach toradh foghlama ar fud na dtrí shnáithe.

- Teanga ó bhéal
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht



Teangacha an tseomra ranga a úsáid chun feasacht teanga a chur chun cinn

Is í an teanga an príomhbhealach a smaoinimid. Beag beann ar an teanga a úsáidtear, is cleachtadh smaointeoireachta í gach gníomhaíocht teanga. Ó chéim an-luath ina bhforbairt, tosaíonn an chuid is mó de pháistí ag úsáid teanga chun iad féin a chur in iúl. Cuidíonn a dtuiscint **intuigthe** ar a ndeir siad leo a gcuid riachtanas a chur in iúl agus iad ag súil go gcomhlíonfar na riachtanais sin. Ach feasacht a fhorbairt ar theanga, ar a bhfuil i gceist léi agus ar an gcaoi a n-oibríonn sí, cuirtear ar a chumas an fhoghlaiméora eolas agus tuiscint intuigthe ar theanga a ardú go leibhéal **follasach** e.g. féadfaidh páiste fuaim atá le fáil ina theanga bhaile agus sa Ghaeilge a aithint agus féadfaidh sé a aithint nach bhfuil sé le fáil sa Béarla. Tá sé ar cheann de na torthaí is tábhachtaí a bhaineann le cur chuige comhtháite i leith na foghlama teanga.

Nuair atá an scoláire feasach ar theanga, cabhraíonn sé leis teanga(cha) agus ábhar an churaclaim a fhorbairt agus cabhraíonn sé freisin leis an litearthacht a fhorbairt. Cuidíonn sé le muinín an pháiste a fhorbairt agus cabhraíonn sé leis a bheith ina fhoghlaiméoir neamhspleách. Cuirtear timpeallacht den scoth ina bhféadfar an fheasacht teanga a chothú ar fáil i seomraí ranga ina bhfaigheann an páiste taithí ar níos mó ná teanga amháin agus ina n-úsáideann an páiste níos mó ná teanga amháin ar bhealach bríoch.

Is acmhainn iad gach teanga, idir an Béarla, an Ghaeilge agus teangacha eile baile, chun feasacht teanga a fhorbairt i measc foghlaiméoirí lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil taithí acu ach ar theanga amháin sa bhaile (Kirwan 2014; Little agus Kirwan, 2019).

Tacú le feasacht teanga a fhorbairt

Is é an chéad chéim i dtreo na dteangacha ar fad atá sa seomra ranga a úsáid chun feasacht teanga gach foghlaimora a fhorbairt ná luach a chur ar na teangacha ar fad atá ann. Ach an páiste a spreagadh chun leas a bhaint as an eolas

teangeolaíoch atá aige cheana féin, as a stór teanga arleith féin, músclaíonn an múinteoir a spéis in iniúchadh a dhéanamh ar na

Go dtí go gcothaítear a chumas chun cosúlachtaí agus difríochtaí idir theangacha a aimsiú, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an páiste feasach ar an eolas atá aige cheana féin (Cummins 2000).

cosúlachtaí agus na difríochtaí atá ann i measc na dteangacha i dtimpeallacht na scoile agus an bhaile. Tacaíonn an múinteoir le feasacht teanga ach an páiste a spreagadh chun a theanga bhaile a úsáid ar scoil. Baineann gach duine, an múinteoir san áireamh, leas as sin. Ní gá go mbeadh na teangacha go léir atá sa seomra ranga ar a thoil ag an múinteoir, agus ní fhéadfadh go mbeadh. Is é an

rud atá tábhachtach go spreagtar an páiste chun comparáid theangeolaíoch a dhéanamh idir a theanga bhaile (arb í teanga na scoile í nó nach í) agus na teangacha eile atá i láthair sa seomra ranga. Nuair a dhéantar timpeallacht den chineál sin a chothú, baineann an páiste a tháil féin as fuaimeanna focail, as an gcaoi a scríobhtar iad, agus as an gcaoi a n-úsáidtear iad chun brí a chur in iúl. Ar an mbealach sin, is uirlis í an fheasacht teanga chun tacú leis an bhfoghlaim ach tá sí ar cheann de na torthaí is luachmhair atá ag foghlaim freisin.

Tá sé tábhachtach go bhfaigheann gach páiste, is cuma má tá teangacha breise sa scoil nó nach bhfuil, an deis chun a fheasacht ar theanga a fhorbairt. Is féidir sin a dhéanamh ach lipéid i dteanga iasachta ar earraí laethúla, éadaí agus earraí bia a scrúdú; féachaint ar chlár teilifíse ina labhraítear teangacha eile seachas an Ghaeilge nó an Béarla, e.g., Dora na mBóthar; faisnéis, lipéid agus fógráin a

bhailiú agus iad ar saoire i dtíortha nach labhraítear an Béarla iontu.

I gcur chuige comhtháite maidir le foghlaim teanga, tacaíonn forbairt na litearthachta sa Bhéarla nó sa Ghaeilge mar phríomhtheanga na scolaíochta le forbairt litearthachta an pháiste sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa teanga bhaile ach braitheann forbairt na litearthachta sa Bhéarla nó sa Ghaeilge mar phríomhtheanga na scolaíochta ar fhorbairt litearthachta an pháiste sna teangacha eile freisin.

Toisc go mbeidh stór focal le fáil in go leor teangacha atá cosúil le stór focal na Gaeilge, cuideoidh sé leis an meon a chothú i leith na Gaeilge gur teanga bheo í is féidir a úsáid go héasca chun críocha cumarsáide.

Tacú le feasacht teanga a fhorbairt

Buntáistí a bhaineann le feasacht teanga an pháiste a fhorbairt: Príomhphointí le machnamh a dhéanamh orthu


Nuair a spreagtar an páiste chun úsáid a bhaint as na teangacha go léir atá ar fáil dó lena n-úsáid, d'fhéadfadh sé go mbeadh na buntáistí seo a leanas ann:

- Éascaítear forbairt na sprioctheanga/na sprioctheangacha, i.e., Béarla, Gaeilge, teanga bhaile
- Tacaítear leis an teanga bhaile
- Forbraítear neamhspleáchas san fhoghlaim
- Tacaítear le foghlaim conas foghlaim
- Is buntáiste don rang iomlán agus don mhúinteoir iniúlachtaí teanga foghlaimoirí Béarla mar Theanga Bhreise
- Faigheann foghlaimoirí aonteacha taithí ar réaltacht na cumarsáide i dteangacha eile seachas an teanga thromlaigh
- Cuirtear le foghlaim an mhúinteora féin.

Cabhraíonn **oscailteacht na scoile** i leith na dteangacha go léir atá i láthair sa scoil a chomhtháthú leis an bpáiste ar na bealaí seo a leanas:

- féinmhuinín
- féinspreagadh a bhfuil foghlaim féinriartha mar thoradh air
- rannpháirtíocht san fhoghlaim
- scileanna feasachta teanga
- scileanna breathnóireachta, anailíse
- scileanna machnaimh
- áis chun eolas intuigthe a iompú ina eolas follasach
- fiosracht faoi theangacha
- tuiscint ar dhaoine eile agus ionbhá leo.

Nuair a úsáidtear na teangacha ar fad atá le fáil sa seomra ranga, faigheann foghlaimoirí aonteacha taithí ar réaltacht na cumarsáide i dteangacha eile seachas an teanga thromlaigh.



Tacú le feasacht teanga a fhorbairt

Straitéisí chun feasacht teanga a chur chun cinn agus tacú léi

Tá a fhios ag an bpáiste conas a scileanna teanga a úsáid go neamhspleách. Spreag scoláirí, mar fhoghlaimeoirí aonair agus i gcomhar le piaraí, na teangacha go léir ina stór a úsáid chun cosúlachtaí agus difríochtaí idir na teangacha a úsáidtear sa seomra ranga a aithint.

Tacaíonn cur chuige sa scoil uile le timpeallachtaí ilteangacha a fhorbairt ar bhonn laethúil tríd an teagasc agus an fhoghlaim. Ina theannta sin, féadfaidh scoileanna na gníomhaíochtaí seo a leanas a mheas ar gníomhaíochtaí iad atá oiriúnach chun aitheantas teangacha ar fud phobal na scoile a fheabhsú:

- ‘comhartha fáilte’ a thaispeáint sa scoil i dteangacha uile na bpáistí.
- Gach imeacht scoile a úsáid mar fheithicil chun feasacht ar theangacha a bhailíochtú agus a mhúscailt, e.g. comharthaí/fógraí ag taispeántais ealaíne; laethanta oscailte; ceolchoirmeacha; etc.
- Manaí scoile, ráitis mhisin, amhrán na scoile agus/nó paidreacha a aistriú go teangacha an tseomra ranga agus a thaispeáint chun gur féidir leis an bpáiste scrúdú a dhéanamh orthu.
- an t-amhrán/an curfá céanna a fhoghlaim i dteangacha éagsúla, e.g., **Drighligh, drighligh réalt an-bheag/It's a small world after all**. Féadfaidh na páistí nó tuismitheoirí an t-aistriúchán a chur ar fáil.
- Imeachtaí ar nós Lá Eorpach na dTeangacha a eagrú chun teangacha uile na bpáistí a cheiliúradh. Féach <https://edl.ecml.at/> agus <https://www.leargas.ie> chun tuilleadh eolais a fháil.
- Comharthaí scoile a thaispeáint i dteangacha éagsúla, e.g. chugat/uait ar dhoirse; go raibh maith agat/le do thoil; líne amháin; etc. Is féidir é sin a dhéanamh ar bhonn uainíochta ag brath ar líon na dteangacha sa scoil.
- Ach páiste a spreagadh chun déthéacsanna (trítheangacha, téacsanna ilteangacha) dá rogha féin a chruthú

cabhraítear leis scileanna anailíse agus meastóireachta atá riachtanach d'fheasacht teanga a fheabhsú.

- Is bealach an-éifeachtach é chun aird a díriú ar theangacha éagsúla bláth fáilte a thaispeáint mar a bhfuil beannachtaí i dteangacha éagsúla ar na peitil.
- Laethanta na seachtaine a fhoghlaim i dteangacha uile an tseomra ranga. Is féidir é sin a dhéanamh ó bhéal le ranganna na naíonán (agus póstaer scríofa a úsáid nuair is cuí).
- Beannachtaí i dteangacha an tseomra ranga a úsáid agus a chur i gcomparáid lena chéile.
- An rolla a fhreagairt i dteangacha an tseomra ranga.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na leideanna atá le fáil i bhfocail chun an chiall atá leo a rochtain, e.g., cé mhéad cos a bhíonn ar **ocht**apas? Cé mhéad slios a bhíonn ar **dheac**agán? Cén aois atá **déag**óir?

Is féidir gach moladh a fhorbairt agus a dhéanamh níos casta de réir mar a théann an páiste ar aghaidh tríd an scoil.

Tacú le feasacht teanga a fhorbairt

Coinníollacha éifeachtacha chun feasacht teanga a fhorbairt

- I scoileanna Béarla, tá sé ríthábhachtach go n-úsáidfeadh an múinteoir an Ghaeilge agus é ag múineadh Gaeilge agus in idirghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla laethúla chun rochtain a thabhairt don pháiste ar an teanga, sa chás seo mar T2.
- Ach comhthéacs na dteangacha breise atá sa seomra ranga a úsáid, méadaítear feasacht na bpáistí gur teanga í an Ghaeilge is féidir a úsáid chun críocha cumarsáide díreach cosúil le haon teanga eile.
- Tá sé tábhachtach go dtreoraítear páistí chun machnamh a dhéanamh ar an nGaeilge mar mhodh cumarsáide agus mar chóras ina bhfuil rialacha freisin, e.g., murab ionann agus an Béarla, leanann an aidiacht an t-ainmfhocal sa Ghaeilge, **mála dearg**;

bíonn an briathar ag tús na habairte sa Ghaeilge.

- Maidir le cainteoirí dúchais Béarla, d'fhéadfadh sé go mbreathnóidís ar chomparáidí mar sin sa Ghaeilge mar rud atá contrártha leis an 'norm', an Béarla. Is ar an gcaoi sin a chabhraíonn teangacha eile le cothromaíocht agus léargas a chruthú, e.g., cad a tharlaíonn leis an ainmfhocal agus leis an aidiacht i dteangacha eile sa seomra ranga – **sac rouge** (Fraincis); **borsa rossa** (Iodáilis); **rote Tasche** (Gearmáinis). Cosúil leis an nGaeilge, cuirtear an briathar ag tús na habairte san Araibis freisin. D'fhéadfadh sé go gcabhródh plé na bpáistí ar chomparáidí den sórt sin lena gcoincheapa teanga a leathnú.
- Má thugtar cuireadh don pháiste na naisc agus na cosúlachtaí atá ann idir dhá theanga nó níos mó a chur in iúl go soiléir óna dtuiscint ar theanga, tugtar deiseanna do gach foghlaimeoir na scileanna a theastaíonn le haghaidh

feasacht teanga a fhorbairt. Féadann sé spéis agus spreagadh a mhúscailt i measc na ndaltaí freisin chun teangacha eile a fhoghlaim.

- Tugann aon ghníomhaíocht a dhéantar sa bhunscoil deiseanna chun feasacht ar theanga a fhorbairt, e.g. comparáid a dhéanamh idir beannachtaí, laethanta na seachtaine, bia, éadaí, ainmhithe, etc.
- Ní gá go mbeadh teangacha breise an tseomra ranga ar a thoil ag an múinteoir. Nuair a thugtar cuireadh do pháistí, ar cainteoirí dúchais teangacha breise iad, a dteanga bhaile a úsáid sa seomra ranga, éascaítear úsáid na dteangacha sin mar acmhainn do gach scoláire. Cuireann sé sin ar chumas an pháiste ionchur agus rannpháirtíocht níos mó a dhéanamh ina chuid foghlama féin. Spreagann sé neamhspleáchas a fhorbairt san fhoghlaimeoir freisin.

Tacú le feasacht teanga a fhorbairt

Tagairtí

Cummins, J. (2012), Language awareness and academic achievement among migrant students. In Claudine Balsiger, Dominique Béatrix Kohler, Jean-Francois de Pietro & Christiane Perregaux (eds.), *Éveil aux langues et approches plurielles: De la formation des enseignants aux pratiques de classe*, 41-54. Paris: Éditions l'Harmattan.

Cummins, J. (2000), *Second language Teaching for Academic Success: A Framework for School Language Policy Development*.

Curriculum and Examinations Board (Ireland) (1986), *Report of the Board of Studies for Languages, Baile Átha Cliath: Bord Curaclaim agus Scrúduithe*.

Helot, C., K. Van Gorp, C. Frijns and S. Sierens (2018), Introduction. In Helot, C., K. Van Gorp, C. Frijns and S. Sierens (eds.), *Language awareness in multilingual classrooms in Europe*, 1-20. Berlin: Mouton de Gruyter.

Kirwan, D. (2019) *Multilingual environments: benefits for early language learning*. Eagrán speisialta, Teanga, IRAAL.

Kirwan, D. (2018) *Creating a plurilingual whole-school environment to support pupils' Learning*. In *Minority Language Pupils and the Curriculum: Closing the Achievement Gap*, (eds.) B. Skinner and B. O'Toole.

Kirwan, D. (2014), From English language support to plurilingual awareness. In D. Little, C. Leung, and P. Van Avermaet (eds.) *Managing Diversity in Education. Multilingual Matters*.

Little, D. & D. Kirwan (2019) *Engaging with Linguistic Diversity: A Study of Educational Inclusion in an Irish Primary School*. Londain: Bloomsbury.

Little, D. & D. Kirwan (2018) *Translanguaging as a key to educational success: The experience of one Irish primary school*. In K. Maryns, S. Slembrouck, S. Sierens, P. Van Avermaet & K. Van Gorp (eds.), *The multilingual edge of education*. Basingstoke, UK: Palgrave Macmillan.

Little, D. & D. Kirwan (2018) *From plurilingual repertoires to language awareness: Developing primary pupils' proficiency in the language of schooling*. In C. Frijns, K. Van Gorp, C. Hélot & S. Sierens (eds.), *Language awareness in multilingual classrooms in Europe*. Beirlín: Mouton de Gruyter.

O'Duibhir, P. and J. Cummins (2012), *Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.